# Bliain ghnóthach ag an nGarda Cósta

Eochairfhocail: fostaithe, beatha i mbaol, oibrí deonach, cuideachta eitlíochta, moill, conradh

Príomhscileanna: éisteacht, scríobh, léitheoireacht, labhairt

**Breathnaigh ar an mír nuachta seo agus freagair na ceisteanna a bhaineann leis:**

1.Ainmnigh na trí cheanncheathrú atá ag an nGarda Cósta?
2.Cé mhéad eitilt éigeandála a rinneadh le bliain anuas?
3.Cén cur síos a úsáideann an tuairisceoir ar an saghas bliana a bhí ag an nGarda Cósta anuraidh?
4.Ainmnigh an dá shaghas oibrí atá ag an nGarda Cósta?
5.Cad a bhíonn á dhéanamh go seasta ag an nGarda Cósta, dar le Rónán Ó hEidhin?
6.Breac síos an chúis a luann Rónán Ó hEidhin a n-éiríonn daoine as a bheith ag cabhrú leis an nGarda Cósta?
7.Cathain a bronnadh conradh luach 800 milliún Euro ar an gcuideachta eitlíochta Bristow Ireland?
8.Cathain a thosaigh an tseirbhís nua ar deireadh?
9.Cén áit eile a mbeidh an tseirbhís ar siúl faoi cheann trí seachtaine?
10. Ar mhaith leat a bheith ag obair go deonach leis an nGarda Cósta? Cén fáth?




Foghlaim TG4

An Chomhairle um Oideachas Gaeltachta & Gaelscolaíochta

# Gníomhaíocht Smaointeoireachta: Roghnaigh an abairt

**Ag obair le do pháirtí ranga deánaigí plé ar agus roghnaigí ar deireadh an abairt is fearr, A nó B, a dhéanann cur síos ar imeachtaí na míre nuachta seo. Tá seacht gcinn ann le plé a dhéanamh orthu.**

A) Bhí bliain chiúin ag an nGarda Cósta anuraidh
B) Bhí bliain dheacair agus ghnóthach ag an nGarda Cósta anuraidh

A) Íoctar gach duine a thugann cúnamh don Gharda Cósta
B) Meascán d'fhostaithe agus d'oibrithe deonacha a oibríonn leis an nGarda Cósta

A) Bíonn an Garda Cósta de shíor ag lorg daoine le cabhrú leo
B) Ní theastaíonn ón nGarda Cósta riamh cur le líon a gcuid oibrithe

A) Baineann oibrithe an Gharda Cósta leas an héileacaptar ina gcuid oibre go minic
B) Eitleáin is mó a úsáideann oibrithe an Gharda Cósta chun teacht i gcabhair ar dhaoine

A) Bhí moill le cur i bhfeidhm na seirbhíse nua héileacaptar anuraidh mar gheall ar aighneas faoi chúrsaí traenála
B) Bhí moill le cur i bhfeidhm na seirbhíse nua héileacaptar anuraidh mar gheall ar easpa airgid


A) Beidh an tseirbhís nua ag tosú an bhliain seo chugainn
B) Cuireadh tús leis an tseirbhís nua le déanaí

A) Is iad Sligeach agus an tSionainn dhá cheann de na háiteanna a gcuirfear an tseirbhís nua seo i bhfeidhm iontu
B) Is iad Sligeach agus Baile Átha Luain dhá cheann de na háiteanna a gcuirfear an tseirbhís nua seo i bhfeidhm iontu

## Gníomhaíocht Scríbhneoireachta

**Samhlaigh go bhfuil tú ag obair leis an nGarda Cósta. Iarrtar ort cur síos a dhéanamh ar eachtra a tharla duit le déanaí. Cabhróidh an foclóir seo a leanas leat. Is leor 150 focal don chur síos.**

- oíche ghruama, dhorcha
- íslíodh an téad éigeandála
- glaoch éigeandála
- trína chéile
- ar luas lasrach
- i bhfaiteadh na súl
- beatha i mbaol
- shábhálamar ....
- ag éirí níos stoirmiúla
- críoch shona



## Freagraí

1. Dairbhre, Málainn agus Baile Átha Cliath
2. 190
3. Bliain chruógach agus dhúshlánach
4. Fostaithe agus oibrithe deonacha
5. Ag cuartú daoine nua
6. Bíonn gasúir/páistí acu
7. Arú anuraidh
8. Díreach roimh an Nollaig/ 6 mhí níos moille ná mar a bhí geallta
9. Na Déise/Port Láirge

1. Bhí bliain dheacair agus ghnóthach ag an nGarda Cósta anuraidh
2. Meascán d'fhostaithe agus d'oibrithe deonacha a oibríonn leis an nGarda Cósta
3. Bíonn an Garda Cósta de shíor ag lorg daoine le cabhrú leo
4. Baineann oibrithe an Gharda Cósta leas an héileacaptar ina gcuid oibre go minic
5. Bhí moill le cur i bhfeidhm na seirbhíse nua héileacaptar anuraidh mar gheall ar aighneas faoi chúrsaí traenála
6. Cuireadh tús leis an tseirbhís nua le déanaí
7. Is iad Sligeach agus an tSionainn dhá cheann de na háiteanna a gcuirfear an tseirbhís nua seo i bhfeidhm iontu

